Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9128/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0140(NLE)

SCH-EVAL 58
SCHENGEN 49
DATAPROTECT 155
ENFOPOL 267
FRONT 198
IXIM 124
MIGR 143
SIRIS 51
VISA 83
COMIX 239

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| An: | 9 Meitheamh 2022 |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013<br>- Glacadh |

1. An 2 Meitheamh 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013. An 3 Márta 2022, ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta maidir leis an togra sin.

2. Tá an togra sin bunaithe ar Airteagal 70 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach bhforáiltear leis do rannpháirtíocht ar bith ag Parlaimint na hEorpa sa nós imeachta glactha.

Mar sin féin, tá iarracht déanta ag an gComhairle na gealltanais pholaitiúla a chomhlíonadh a tugadh i ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún a eisíodh nuair a glacadh Rialachán 1053/2013, á rá go dtuigeann na trí institiúid, maidir le haon togra ón gCoimisiún a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo chun an córas meastóireachta sin a leasú, go gcuirfí sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus go gcuirfí a tuairim siúd san áireamh, a lánmhéid is féidir sula nglacfaí an téacs críochnaitheach, agus in aithris 20 den Rialachán sin.

3. An 30 Lúnasa 2021, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a tuairim maidir leis an togra ón gCoimisiún a thíolacadh a luaithe is féidir. An 8 Nollaig 2021, i gcomhréir leis an Ráiteas thuasluaite, dhearbhaigh an Chomhairle a cinneadh dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn deonach agus d'iarr sí ar Pharlaimint na hEorpa a tuairim a thíolacadh faoi dheireadh mhí Feabhra 2022. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim i suí iomlánach an 7 Aibreán 2022 ar bhonn na tuarascála a glacadh in LIBE an 16 Márta 2022. Chun an gealltanas polaitiúil a thug sí a chomhlíonadh, scrúdaigh an Chomhairle an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ag cruinniú de chomhairleoirí CGB an 8 Aibreán 2022, d'fhonn í a chur san áireamh, a lánmhéid arbh fhéidir, sula gcuirfí bailchríoch ar an téacs críochnaitheach agus sula nglacfaí é.

4. An 27 Aibreán 2022, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe téacs an Rialacháin arna fhorlíonadh ag an gcruinniú a bhí ag na comhairleoirí CGB an 8 Aibreán 2022, sular chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air. Leagtar amach an téacs, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, in 7609/22.

5. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle an Rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, mar a leagtar amach in 7609/22 é, a ghlacadh.